2025/1459

25.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1459 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2025

maidir leis na maoluithe ar na rialacha tionscnaimh a leagtar síos i bPrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora–Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, a bhfuil feidhm acu laistigh de chuótaí le haghaidh táirgí áirithe ón Túinéis

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 58(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile ('an Comhaontú'), trí Phrótacal 4 a ghabhann leis a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin ([2]) an 22 Eanáir 2025 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an dáta sin.

(2) Le hAirteagal 6 de Phrótacal 4 déantar foráil maidir le maoluithe ar na rialacha tionscnaimh a leagtar amach sa Phrótacal sin faoi chuimsiú na gcuótaí bliantúla a dheonaítear don Túinéis ar feadh tréimhse 5 bliana. Is gá, dá bhrí sin, na coinníollacha a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm an mhaolaithe sin i gcás allmhairí ón Túinéis.

(3) Le hAirteagal 1(1) d'Fhoscríbhinn B a ghabhann le Prótacal 4, foráiltear, maidir leis an teidlíocht chun tairbhe a bhaint as na maoluithe, go mbeidh sí faoi réir an cruthúnas tionscnaimh ábhartha a chur faoi bhráid na n-údarás custaim.

(4) Le hAirteagal 1(4) d'Fhoscríbhinn B a ghabhann le Prótacal 4, foráiltear go mbainisteoidh an tAontas na taraif-chuótaí sin ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'. Bainisteoidh an Coimisiún na cuótaí sin i gcomhréir leis na rialacha maidir le bainistiú taraif-chuótaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([3]).

(5) Chun cur i bhfeidhm agus bainistiú éifeachtach na gcuótaí a dheonaítear faoi Phrótacal 4 a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 22 Eanáir 2025, arb é sin dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis an 22 Eanáir 2025 lena leasaítear an Comhaontú Eora–Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, trí Phrótacal Uimh. 4 a ghabhann leis a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin a ionadú (IO L, 2025/324, 20.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/324/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Osclaítear cuótaí bliantúla an Aontais le haghaidh earraí de thionscnamh na Túinéise mar a leagtar amach san Iarscríbhinn agus beidh feidhm acu ar feadh tréimhse 5 bliana.

Airteagal 2

Chun tairbhiú de na maoluithe a leagtar amach in Airteagal 6 de Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú, beidh deimhniú gluaiseachta EUR.1, mar a leagtar amach sa Phrótacal sin, ag gabháil leis na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn, agus beidh an ráiteas seo a leanas sa Fhraincis i mbosca 7: 'Dérogation – Appendice B du Protocole 4'.

Airteagal 3

Déanfar na cuótaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

Airteagal 4

Stadfar de na tarraingtí a dhéantar as gach cuóta bliantúil ar an bhfichiú lá oibre de chuid an Choimisiúin tar éis dheireadh na tréimhse bliantúla. I gcás ina n-úsáidtear níos lú ná 85 % de mhéid an chuóta bhliantúil liostaithe i mbliain N, féadfar an leithdháileadh den chuóta le haghaidh na líne sonraí sin a thabhairt anonn, suas le teorainn 15 % den chuóta le haghaidh bhliain N, go dtí an bhliain N+1 ina dhiaidh sin.

Airteagal 5

I gcomhthéacs bhainistiú na dtáirgí a thairbhíonn de na cuótaí bliantúla liostaithe, nuair a ídítear cuóta, méadaítear a mhéid tosaigh go huathoibríoch faoi 10 % de mhéid iomlán an chuóta dá bhforáiltear i mbliain N+1. Beidh méid an chuóta le haghaidh bhliain N+1 teoranta ansin do 90 %. Cuirtear na méideanna nach n-úsáidtear i mbliain N leis an 90 % sin den chuóta le haghaidh bhliain N+1.

Airteagal 6

Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críoch bainistithe cuótaí, ciallóidh 'bliain', le haghaidh na chéad bhliana, an tréimhse 12 mhí ón 22 Eanáir 2025, arb é sin dáta theacht i bhfeidhm Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú agus, le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin, an tréimhse 12 mhí ó dheireadh na bliana roimhe sin.

Airteagal 7

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 22 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hainmníochta comhcheangailte, is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí, sa mhéid go gcinntear an maolú, i gcomhthéacs na hIarscríbhinne seo, le raon feidhme chóid na hainmníochta comhcheangailte (AC 2025) ([1]).

Sraith-uimhir	Ainmníocht Chomh-cheangailte (AC 2025)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil a rinneadh ar ábhair neamhthionsc-naimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	Cuóta bliantúil le haghaidh onnmhairí de chuid na Túinéise chuig an Aontas Eorpach: ón gcead bhliain go dtí deireadh an tríú bliain	Cuóta bliantúil le haghaidh onnmhairí de chuid na Túinéise chuig an Aontas Eorpach: ón gceathrú bhliain go dtí deireadh an chúigiú bliain
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
09.1228	6103 42 00	Treabhsair, rabhlaer beannóg agus guailleán, bríst agus bríst gearra d'fhir nó do bhuachaillí, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	139 000 aonad	108 000 aonad
09.1229	6103 49 00	Treabhsair, rabhlaer beannóg agus guailleán, bríst agus bríst gearra d'fhir nó do bhuachaillí, as ábhair theicstíle eile seachas olann, cadás nó snáithíní sintéiseacha	Gearradh fabraice agus cur le chéile	101 700 aonad	71 100 aonad
09.1230	6104 62 00	Treabhsair, rabhlaer beannóg agus guailleán, bríst agus bríst gearra do mhná nó do chailíní, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	310 000 aonad	213 000 aonad
09.1231	6104 63 00	Treabhsair, rabhlaer beannóg agus guailleán, bríst agus bríst gearra do mhná nó do chailíní, as snáithíní sintéiseacha	Gearradh fabraice agus cur le chéile	248 600 aonad	174 200 aonad
09.1232	6105 10 00	Léinte d'fhir nó do bhuachaillí, as cadás, iad cniotáilte nó cróiseáilte	Gearradh fabraice agus cur le chéile	235 000 aonad	160 500 aonad
09.1233	6106 20 00	Blúsanna, léinte agus blúsléinte do mhná nó do chailíní, as snáithíní de dhéantús an duine, iad cniotáilte nó cróiseáilte	Gearradh fabraice agus cur le chéile	71 200 aonad	51 600 aonad
09.1234	6108 22 00	Brístíní agus mionbhrístíní do mhná nó do chailíní, as snáithíní de dhéantús an duine	Gearradh fabraice agus cur le chéile	610 500 aonad	416 000 aonad

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2522 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L, 2024/2522, 31.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2522/oj).

Sraith-uimhir	Ainmníocht Chomh-cheangailte (AC 2025)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil a rinneadh ar ábhair neamhthionsc-naimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	Cuóta bliantúil le haghaidh onnmhairí de chuid na Túinéise chuig an Aontas Eorpach: ón gcead bhliain go dtí deireadh an tríú bliain	Cuóta bliantúil le haghaidh onnmhairí de chuid na Túinéise chuig an Aontas Eorpach: ón gceathrú bhliain go dtí deireadh an chúigiú bliain
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
09.1235	6108 31 00	Léinte oíche agus pitseámaí do mhná nó do chailíní, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	113 000 aonad	76 800 aonad
09.1236	6109 10 00, 6109 90 20	T-léinte, singléid agus veisteanna eile, as cadás, as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín nó as snáithíní de dhéantús an duine, iad cniotáilte nó cróiseáilte	Gearradh fabraice agus cur le chéile	4 764 080 aonad	2 635 800 aonad
09.1237	6112 31 90	Feistis snámha d'fhir nó do bhuachaillí, as snáithíní sintéiseacha	Gearradh fabraice agus cur le chéile	237 300 aonad	160 400 aonad
09.1238	6112 41 90	Feistis snámha do mhná nó do chailíní, as snáithíní sintéiseacha	Gearradh fabraice agus cur le chéile	768 400 aonad	595 900 aonad
09.1239	6201 30 10	Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anaraicí, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla eile d'fhir nó do bhuachaillí, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	45 000 aonad	33 000 aonad
09.1240	6201 40 10	Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anaraicí, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla eile d'fhir nó do bhuachaillí, as snáithíní de dhéantús an duine	Gearradh fabraice agus cur le chéile	54 000 aonad	42 000 aonad
09.1241	6201 90 00	Cótaí móra, cótaí gluaisteáin, cábaí, clócaí, anaraicí, seaicéid ghaoithe agus earraí comhchosúla eile d'fhir nó do bhuachaillí, as ábhair theicstíle eile	Gearradh fabraice agus cur le chéile	26 000 aonad	20 000 aonad
09.1242	6203 23 10	*Ensembles* de chineál tionsclaíoch agus ceirde d'fhir nó do bhuachaillí, as snáithíní sintéiseacha	Gearradh fabraice agus cur le chéile	113 000 aonad	88 300 aonad
09.1243	6203 32 10	Seaicéid agus bléasair d'fhir nó do bhuachaillí, as cadás, de chineál tionsclaíoch agus ceirde	Gearradh fabraice agus cur le chéile	84 750 aonad	65 300 aonad

Sraith-uimhir	Ainmníocht Chomh-cheangailte (AC 2025)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil a rinneadh ar ábhair neamhthionsc-naimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	Cuóta bliantúil le haghaidh onnmhairí de chuid na Túinéise chuig an Aontas Eorpach: ón gcead bhliain go dtí deireadh an tríú bliain	Cuóta bliantúil le haghaidh onnmhairí de chuid na Túinéise chuig an Aontas Eorpach: ón gceathrú bhliain go dtí deireadh an chúigiú bliain
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
09.1244	6203 33 10	Seaicéid agus bléasair d'fhir nó do bhuachaillí, as snáithíní sintéiseacha, de chineál tionsclaíoch agus ceirde	Gearradh fabraice agus cur le chéile	120 000 aonad	94 000 aonad
09.1245	6203 42 11	Treabhsair agus bríste de chineál tionsclaíoch agus ceirde d'fhir nó do bhuachaillí, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	237 300 aonad	194 800 aonad
09.1246	6203 42 31	Treabhsair agus bríste d'fhir nó do bhuachaillí, as deinim	Gearradh fabraice agus cur le chéile	3 220 000 aonad	2 540 000 aonad
09.1247	6203 42 35	Treabhsair agus bríste d'fhir nó do bhuachaillí, as cadás (seachas as deinim nó as corda an rí)	Gearradh fabraice agus cur le chéile	791 000 aonad	630 000 aonad
09.1248	6203 42 90	Bríste gearra d'fhir nó do bhuachaillí, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	140 000 aonad	100 000 aonad
09.1249	6203 43 11	Treabhsair agus bríste de chineál tionsclaíoch agus ceirde d'fhir nó do bhuachaillí, as snáithíní sintéiseacha	Gearradh fabraice agus cur le chéile	240 000 aonad	170 000 aonad
09.1250	6203 49 90	Treabhsair, rabhlaer beannóg agus guailleán, bríste agus bríste gearra d'fhir nó do bhuachaillí, as ábhair theicstíle eile seachas olann, cadás nó snáithíní de dhéantús an duine	Gearradh fabraice agus cur le chéile	60 500 aonad	56 000 aonad
09.1251	6204 42 00	Gúnaí do mhná nó do chailíní, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	90 400 aonad	71 000 aonad
09.1252	6204 43 00	Gúnaí do mhná nó do chailíní, as snáithíní sintéiseacha	Gearradh fabraice agus cur le chéile	210 000 aonad	160 000 aonad
09.1253	6204 44 00	Gúnaí do mhná nó do chailíní, as snáithíní saorga	Gearradh fabraice agus cur le chéile	150 000 aonad	122 000 aonad
09.1254	6204 62 31	Treabhsair agus bríste deinime do mhná nó do chailíní, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	1 515 000 aonad	1 390 000 aonad
09.1255	6204 62 39	Treabhsair agus bríste do mhná nó do chailíní, as cadás (seachas as deinim nó as corda an rí)	Gearradh fabraice agus cur le chéile	580 000 aonad	470 000 aonad

Sraith-uimhir	Ainmníocht Chomh-cheangailte (AC 2025)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil a rinneadh ar ábhair neamhthionsc-naimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	Cuóta bliantúil le haghaidh onnmhairí de chuid na Túinéise chuig an Aontas Eorpach: ón gcead bhliain go dtí deireadh an tríú bliain	Cuóta bliantúil le haghaidh onnmhairí de chuid na Túinéise chuig an Aontas Eorpach: ón gceathrú bhliain go dtí deireadh an chúigiú bliain
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)
09.1256	6205 20 00	Léinte d'fhir nó do bhuachaillí, as cadás	Gearradh fabraice agus cur le chéile	247 000 aonad	170 000 aonad
09.1257	6206 40 00	Blúsanna, léinte agus blúsléinte do mhná nó do chailíní, as snáithíní de dhéantús an duine	Gearradh fabraice agus cur le chéile	280 000 aonad	200 000 aonad
09.1258	6211 12 00	Feistis snámha do mhná nó do chailíní	Gearradh fabraice agus cur le chéile	300 000 aonad	240 000 aonad
09.1259	6212 10 90	Cíochbheart as gach cineál ábhair teicstíle	Gearradh fabraice agus cur le chéile	995 000 aonad	800 000 aonad